Táscaire báistí aigéadaí

Coincheap—Báisteach aigéadach

Fainic: gá le maoirseacht

NASC LEIS AN gCURACLAM:
Curaclam Tíreolaíochta agus Eolaíochta – Feasacht agus Cúram Imshaoil

Turgnamh—Fainic: tá úsáid bruthaire agus uisce beirithe i gceist!

Tosaigh trí tháscaire aigéadach a dhéanamh. Beidh gá agat le:

- Leath-thor cabáiste rua gearrtha go mion
- Sáspan
- Criathar
- Próca mór

1. Cuir an cabáiste sa sáspan agus dóthain uisce ann len é a chlúdach.
2. Beirigh an t-uisce ar feadh 10 nóiméad, fuaraigh agus scag. Is é an leacht sin do tháscaire báistí aigéadaí.
3. Cuir i dtaisce i mbuidéal plaisteach é. (Coimeád sa chuisneoir nó caillfidh sé a bhrí!)

Anois tástáil d'aigéad: beidh gá agat le:

- Leath-spúnóg sóide aráin
- Trí phróca
- Fínéagar
- Uisce báistí

1. Doirt an méid céanna den táscaire cabáiste isteach sna trí phróca.
2. Cuir an tsóid aráin le ceann de na prócaí.
3. Cuir roinnt fínéagair le próca eile.
4. Is alcaile (malairt aigéid) í an tsóid aráin agus ba chóir go n-iompódh sí dath an tsú chabáiste rua go gorm. Is aigéad é an fínéagar agus ba chóir go n-iompódh sé dath an tsú chabáiste rua go bándearg.
5. Anois cuir roinnt uisce báistí leis an tríú próca.
6. Cé chomh haigéadach is atá an t-uisce báistí a bhailigh tú? Cuir dath uisce na báistí i gcomparáid leis an dá phróca eile.

Tarlaíonn báisteach aigéadach nuair a scaoiltear méideanna móra gáis, m.sh. dé-ocsaíd ruibhe agus dé-ocsaíd nítrigine amach san aer. Gineann stáisiúin chumhachta agus sceithphíopaí gluaisteán na gáis sin. Déantar leacht de na gáis sin i ngal-uisce an aeir agus titeann siad go talamh mar bháisteach aigéadach. Scriosann báisteach aigéadach foraoisí, truaillíonn sí locha agus creimeann sí foirgnimh agus dealbha.